Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 29

# Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe a íoc agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna atá teoranta ó thaobh airgid de.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil i 2016, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2015, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le géilleadh a iarchur.

Dlitear barrachas €20.33 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 7.

**Feidhmeanna a Aistriú**

Ullmhaíodh an cuntas de réir na Meastachán Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2016, a chuir san áireamh athrú theideal na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chuig an teideal seo: an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le feidhm ó 23 Iúil 2016 (I.R. 421 ó 2016) agus an t-aistriú feidhmeanna seo a leanas:

- aistriú feidhmeanna gníomhaíochta aeráide agus timpeallachta ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (Vóta 29) le feidhm ó 22 Iúil 2016 (I.R. 393 ó 2016).

De réir na socruithe cuntasaíochta a leagadh amach ag rannóg Chuntasaíochta Rialtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, léiríonn na Meastacháin Athbhreithnithe do 2016 aistriú fheidhmeanna na Roinne ar bhonn bliana iomláine. Léiríonn an Cuntas Leithreasa, nach mór dó cloí le cruth agus le formáid an mheastacháin ábhartha, aistriú thuasluaite na bhfeidhmeanna ar bhonn bliana iomláine. Cuirtear, mar sin de, na feidhmeanna aistrithe gníomhaithe aeráide agus timpeallachta go léir do 2016 san áireamh i gcuntais leithreasa na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (Vóta 29). Níor cuireadh figiúirí comparáideacha do 2016 do na feidhmeanna aistrithe gníomhaithe ar son na haeráide agus comhshaoil san áireamh sa chuntas leithreasa, ach taispeántar iad faoi Fho-cheannteideal F.

Aistríodh freagracht do Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (SOÉ) chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar 1 Eanáir 2016.

## Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais saindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar thréimhse 10 mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, cé go ndéantar an trealamh TF nó oifige eile ar fad a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

***Sócmhainní Caipitil***

Tá sonraí faoin talamh agus faoi na foirgnimh sin atá i seilbh na Roinne liostaithe i Nóta 2.2. Ina measc sin tá roinnt iascach a bhainistítear ag Iascaigh Intíre Éireann. Ós rud é nach bhfuil luachálacha do na hiascaigh sin atá liostaithe ar fáil, níl siad san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipitil.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi shíor-athbhreithniú.

Cuirtear in iúl dom gur chuir an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte próiseas iniúchta i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a sholáthar ar fheidhmiú na rialaithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte. Tá na hiniúchtaí sin á ndéanamh ag gnólacht(aí) cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta ar Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE3402) a ceapadh chun tuairisciú do ranna úsáideoirí agus a n-iniúchóirí faoi na rialaithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte.

Cuirtear in iúl dom freisin go gcuimsíonn na hiniúchtaí (i) measúnú ullmhachta chun rioscaí a shainaithint chomh maith le rialaithe lena mbaineann agus anailís ar bhearna a sholáthar, agus ina dhiaidh sin (ii) tuairisc ar cheapadh agus ar láithreacht na rialaithe, agus (iii) tuarascáil bhliantúil ina léirítear ar oibrigh na rialaithe go héifeachtach nó nár oibrigh.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte litir dom ina mbreacrianaítear an dul chun cinn maidir leis an bpróiseas dearbhaithe iniúchta a chur i bhfeidhm agus meastar go dtuairisceofar torthaí na n-iniúchtaí ar cheapadh, láithreacht agus oibriú na rialaithe mar a leagtar amach sa litir sin.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar seirbhíse comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte ó thaobh na rialaithe cuí a bheith i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

**Timpeallacht rialaithe airgeadais**

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe, lena mbaineann na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach. Tá tuairisciú mionsonraithe míosúil don Bhord Bainistithe, ina gcomhcheanglaítear príomhfhaisnéis airgeadais, i bhfeidhm. Ceadaíonn sin bainistiú éifeachtach aschur, éifeachtúlacht agus cinntíonn sé luach airgid.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Tá Coiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

**Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta**

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn lucht bainistíochta sinsearach faoi athbhreithniú.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca atá ag feidhmiú laistigh den Roinn. Seo cuid den phróiseas pleanála gnó do gach rannán. Is é cuspóir an chórais ná na rioscaí a aithint agus a mheasúnú agus bearta a bhreacrianú leis na rioscaí sin arbh fhéidir go mbeadh ar an Roinn aghaidh a thabhairt orthu a rialú agus a bhainistiú. Déantar athbhreithniú ar an gCóras Bainistithe Riosca ar bhonn leanúnach.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadal.
- Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte i 2016 cé is moite de thrí chonradh ar luach €347,000 a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/02. Baineann dhá chonradh (€272,000) le ceadúnais bogearraí agus is le haghaidh fotha faisnéise bagartha le haghaidh an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála an tríú conradh (€75,000).

**Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne bonn eolais faoi obair na feidhme agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa i gcomhar leis an gCoiste Iniúchta, ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá mé sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

30 Márta 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san chuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2017

# Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol

## Cuntas Leithreasa 2016

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Cumarsáid | | 34,745 | 19,050 | 27,762 |
| B | Craoltóireacht | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 247,943 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,400 | 249,343 | 241,091 | 239,282 |
| C | Fuinneamh | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 90,257 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,850 | 94,107 | 85,511 | 75,851 |
| D | Acmhainní Nádúrtha | | 23,348 | 19,680 | 29,315 |
| E | Iascaigh Intíre | | 28,364 | 30,392 | 27,752 |
| F | Comhshaol agus Bainistíocht Dramhaíola | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 41,827 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 9,078 | | | |
| | | | 50,905 | 43,171 | — |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 466,484 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 14,328 | **480,812** | **438,895** | **399,962** |
| | *Asbhaint* | | | | |
| G | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **237,998** | **228,535** | **236,652** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 228,486 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 14,328 | | | |
| | | | **242,814** | **210,360** | **163,310** |

**Farasbarr le géilleadh**

Ní mór an farasbarr a sholáthraítear thar an tsuim a cuireadh i bhfeidhm a ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, is féidir iomlán nó cuid de leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 32,453,667 | 14,423,972 |
| Géilleadh iarchurtha | (12,128,000) | (5,250,000) |
| Farasbarr le géilleadh | 20,325,667 | 9,173,972 |

Tá suim ar luach €9.078 milliún a bhaineann le feidhmeanna a aistríodh sa bhliain ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (ar tugadh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil uirthi roimhe seo) san áireamh sa Ghéilliúnt Iarchurtha de €14.328 milliún a taifeadadh sa chuntas leithreasa do 2016.

**Anailís chaiteachas riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 20,882 | 18,807 | 15,160 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 943 | 696 | 469 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,177 | 957 | 687 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 785 | 509 | 361 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,654 | 3,429 | 2,394 |
| vi | Costais foirgnimh oifige | 963 | 727 | 666 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithniú luach ar airgead agus ar bheartas | 1,917 | 808 | 1,822 |
| viii | Fearas, stór agus cothabháil | 296 | 194 | 270 |
| | | 31,617 | 26,127 | 21,829 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 412,768 | 378,133 |
| Pá | | 18,807 | 15,160 |
| Caiteachas eile | | 7,320 | 6,669 |
| **Ollchaiteachas** | | **438,895** | **399,962** |
| *Asbhaint* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **228,535** | **236,652** |
| **Glanchaiteachas** | | **210,360** | **163,310** |
| | | | |
| **Athraithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin – airgead tirim | (1,320) | | |
| Dímheas | 827 | (493) | 818 |
| | | | |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe dúnta | 640 | | |
| Méadú ar stoc | (97) | 543 | 1,252 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **210,410** | **165,380** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 13,917 | 14,772 |
| Meascíosanna | | 1,830 | 1,279 |
| **Glanchostas an chláir** | | **226,157** | **181,431** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i leith Vóta 29 a iompraíodh in áit eile.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 45 | 45 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | 9,719 | 10,587 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,060 | 4,066 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 35 | 23 |
| Príomhchiste – Pinsin Airí | 58 | 51 |
| | 13,917 | 14,772 |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 3,077 | 2,562 |
| | | **3,077** | **2,562** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 9,881 | 15,984 |
| Stoic | 2.4 | 312 | 215 |
| Réamhíocaíochtaí | | 209 | 373 |
| Ioncam fabhraithe | | 708 | 500 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 146 | 141 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **11,256** | **17,213** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 1,383 | 699 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 3,153 | 3,087 |
| Dliteanas don Státchiste | 2.7 | 6,874 | 13,038 |
| Ioncam iarchurtha | | 101 | 101 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **11,511** | **16,925** |
| **Glan(dliteanais)/sócmhainní reatha** | | **(255)** | **288** |
| **Glansócmhainní** | | **2,822** | **2,850** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoinithe Stáit** | 2.1 | **2,822** | **2,850** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 2,850 | 4,920 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar don mheastachán | Cuntas | 242,814 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (12,128) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (20,326) | | |
| Vóta glan | | | 210,360 | 163,310 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 13,917 | 14,772 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 1,830 | 1,279 |
| Coigeartú –aistriú sócmhainní | 2.2 | | 22 | — |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (226,157) | (181,431) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,822** | **2,850** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Troscán oifige | Fearas oifige agus TF | Fearas speisialtachta agus mótarfheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 859 | 1,231 | 20,692 | 4,474 | 27,256 |
| Breiseanna | — | 7 | 1,110 | 203 | 1,320 |
| Aistriú sócmhainní | — | 52 | — | — | 52 |
| Diúscairtí | — | (2) | (446) | (24) | (472) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 859 | 1,288 | 21,356 | 4,653 | 28,156 |
| **Dímheas carnach** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | — | 1,186 | 19,835 | 3,673 | 24,694 |
| Dímheas don bhliain | — | 18 | 522 | 287 | 827 |
| Dímheas carnach ar aistrithe | — | 30 | — | — | 30 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (2) | (446) | (24) | (472) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2016 | — | 1,232 | 19,911 | 3,936 | 25,079 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **859** | **56** | **1,445** | **717** | **3,077** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **859** | **45** | **857** | **801** | **2,562** |

Níl na hiascaigh seo san áireamh i sócmhainní caipitil ach is leis an Aire iad agus tá siad faoi bhainistíocht ag Iascaigh Intíre na hÉireann.

i. Gaillimh
ii. Abhainn Fhia / Abhainn tSochair, Co. Dhún na nGall

Baineann Talamh agus Foirgnimh le Ard-Oifig an Phoist agus stua siopadóireachta Sráid Anraí i mBaile Átha Cliath.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i Líonraí Achar Cathrach (MANanna), a maoiníodh ag údaráis áitiúla áirithe i gcomhar le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Níor aithníodh an leas sin mar shócmhainn sa ráiteas faoi na sócmhainní caipitil.

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 9,881 | 15,981 |
| Iarmhéid chuntais bhainc thráchtála | — | 3 |
| | 9,881 | 15,984 |

| **2.4 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 302 | 208 |
| Stáiseanóireacht | 10 | 7 |
| | 312 | 215 |

| **2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Fionraí tuarastail | — | 23 |
| Eile | 146 | 118 |
| | 146 | 141 |

| **2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Dlite don Stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach | 234 | 550 |
| Cáin Bhreisluacha | 528 | 279 |
| Fáltais Státchiste sa bhreis (nóta 4.2) | 100 | — |
| ÍMAT/ÁSPC | 632 | 476 |
| | 1,494 | 1,305 |
| Fionraí (an tseirbhís freagartha glaonna éigeandála/asbhaint párolla) | 1,659 | 1,782 |
| | 3,153 | 3,087 |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 20,326 | 9,174 |
| Géilleadh iarchurtha | 12,128 | 5,250 |
| Deontas ón Státchiste gan tarraingt | (25,580) | (1,386) |
| Glandliteanas don Státchiste | 6,874 | 13,038 |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 9,881 | 15,984 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 146 | 141 |
| | 10,027 | 16,125 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,494) | (1,305) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,659) | (1,782) |
| | (3,153) | (3,087) |
| | 6,874 | 13,038 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | — | 669 |
| Cláir deontas | 1,716 | — |
| Cláir deontais caipitil | 1,085,865 | 927,260 |
| Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí | 1,087,581 | 927,929 |

| **b) Cláir Deontais Caipitil** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 927,260 | 773,584 |
| Deontais íoctha sa bhliain | 84,256 | 81,006 |
| Ceangaltas deontais nua | 78,349 | 72,670 |
| Deontas dídhílsithe | (4,000) | — |
| Iarmhéid deiridh | 1,085,865 | 927,260 |

Áirítear conarthaí le haghaidh ceangaltais sa bhreis ar €10,000 sna figiúirí le haghaidh ceangaltais dhomhanda ag 31 Nollaig 2016.

**(c) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

| Tionscadal | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2015 | Caiteachas i 2016 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán tuartha saolré an tionscadail 2016 | Caiteachas iomlán tuartha saolré an tionscadail 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Cláir TFC | 301,069 | 5,293 | 12,273 | 318,635 | 322,675 |
| Forbairtí ilmheán | 42,172 | 3,067 | 5,813 | 51,052 | 51,052 |
| Cláir fuinnimh inbhuanaithe | 320,020 | 60,070 | 21,152 | 401,242 | 336,294 |
| Cláir um thaighde ar fhuinneamh | 36,880 | 5,205 | 6,963 | 49,048 | 43,112 |
| Seirbhísí mianadóireachta | 12,447 | 1,282 | 625 | 14,354 | 13,178 |
| Tionscnaimh gheo-eolaíochta | 19,810 | 3,015 | 4,250 | 27,075 | 24,095 |
| An tSuirbhéireacht Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige | 35,626 | 3,165 | 9,464 | 48,255 | 43,626 |
| Tellus | 4,319 | 3,159 | 7,464 | 14,942 | 9,219 |
| | 772,343 | 84,256 | 68,004 | 924,603 | 843,251 |

Ní bhaineann na figiúirí do 2016 agus do na blianta roimhe sin ach le tionscadail a bhfuil ceangaltais chaipitil todhchaí ina gceangal dlí acu.

**Athraithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás gur tháinig méadú de bhreis ar €500,000 ar cheangaltais ilbhliantúla idir 2015 agus 2016.

| Tionscadal | Méid an mhéadaithe | Míniú |
|---|---|---|
| | €000 | |
| Cláir fuinnimh inbhuanaithe | 64,948 | Léirítear an costas a bhain leis an gclár a reáchtáil ar feadh bliain bhreise. |
| Cláir um thaighde ar fhuinneamh | 5,936 | Coigilteas ós rud é nár tionscnaíodh an Clár Dreasachta Teasa Athnuachana i 2016 mar gheall ar mhoill maidir le tabhairt chun críche tuarascála mionsonraithe sainchomhairleoireachta (€117,000) agus mar gheall ar roinnt tionscadal taighde agus forbartha a críochnaíodh faoi bhun leibhéal an bhuiséid a socraíodh dóibh. |
| Seirbhísí mianadóireachta | 1,176 | Ceangaltais bhreise le haghaidh monatóireacht chomhshaoil ag suíomhanna Abhóca agus Bhéal Átha Gabhann. |
| Tionscnaimh gheo-eolaíochta | 2,980 | Léirítear leithdháileadh agus caiteachas méadaithe le haghaidh tionscnamh mór screamhuisce/uisce óil glan agus comhoibrithe taighde méadaithe. |
| An tSuirbhéireacht Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige | 4,629 | Léirítear athbhunú mhaoiniú an Chláir go leibhéal €4 milliún in aghaidh na bliana agus ceangaltas méadaithe faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse idir an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus Foras na Mara. |
| Tellus | 5,723 | Léirítear méadú ar mhaoiniú cláir bliantúil agus conraitheoireacht níos fadtéarmaí ar tugadh fúithi mar bheart sábhála costais. |

## 2.9 Leasúchán Talún

### Suíomh Mhianach Abhóca

Leithdháil an Rialtas €3 mhilliún chun dul i ngleic le ceisteanna riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ag suíomh mhianach Abhóca thar thréimhse trí bliana ó 2014 go 2016.  Ceapadh foireann ildisciplíneach i Nollaig 2013, trí Chreat-Chomhaontú Soláthraí Aonair trí bliana, chun sainseirbhísí deartha, soláthair agus bainistithe tionscadail a sholáthar chun an tionscadal seo a mhaoirsiú, a théann i ngleic leis na hoibreacha tosaíochta sláinte poiblí agus sábháilteachta.  I ndiaidh Cead Pleanála a thabhairt ag deireadh 2015 fostaíodh conraitheoir i 2016 chun tabhairt faoi na hoibreacha caipitil.  I rith 2016 tugadh faoi chlaibíní a chur ar chairn charta, agus iad a athghrádú, ag Tigroney Thiar, chomh maith le claibíní a chur ar shloic eile agus iad a dhéanamh sábháilte ag láithreacha eile.  Ba é €1.28 milliún an costas iomlán i 2016.  De réir téarmaí an Chreat-Chomhaontú Soláthraí Aonair a bhronnadh i 2013, bronnadh síneadh ama go deireadh 2017 agus táthar ag súil go gcuirfear an obair faoin gcreat-chomhaontú i gcrích faoin am sin.

### Béal Átha Gabhann

Tugadh faoi oibreacha feabhsúcháin ar shé shuíomh mianaigh i mBéal Átha Gabhann ó 2007 go 2011.  Níl sé i gceist a thuilleadh oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh go dtí go mbeidh acmhainní ar fáil don chéim dheiridh.  Cuireadh €0.4 milliún ar fáil do 2016 maidir le talamh a cheannach agus déileáil le teagmhais a d'fhéadfadh bheith tagtha chun cinn de thoradh na monatóireachta timpeallachta atá á déanamh go leanúnach agus atá ceaptha chun aon athraithe ar an suíomh a bhrath.  Cé nach raibh an €0.4 milliún a cuireadh ar fáil ag teastáil i 2016, tá an teagmhas céanna curtha ar fáil le haghaidh 2017 agus beidh soláthar todhchaí ag teastáil chun aon chostais bhreise a d’fhéadfadh bheith ann a sheasamh.

### Monatóireacht Chomhshaoil in Abhóca agus i mBéal Átha Gabhann

€0.15 milliún an costas a bhí ar shainmhonatóireacht riachtanach i 2015, €0.14 milliún i 2016, agus meastar gur €0.15 milliún an costas a bheidh ann i 2017.  Meastar go mbeidh suim bhreise €0.6 milliún ag teastáil chomh maith i gcomhair gach bliain ó 2018 go 2020 maidir le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shuíomhanna Abhóca agus Bhéal Átha Gabhann.

## 2.10 Dliteanas Teagmhasach

D'fhéadfadh dliteanais airgeadais a bheith ann i 2017 agus sna blianta ina dhiaidh sin, ag brath ar thorthaí caingne dlí de chuid AE nó eile atá ar siúl, ar feitheamh nó a d’fhéadfadh teacht.  Ní féidir na méideanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Focheannteidil

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Cumarsáid** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 4,524 | 4,030 | 4,025 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 1,869 | 1,310 | 1,448 |
| A.3 | Clár teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | 16,750 | 5,392 | 13,130 |
| A.4 | Forbairtí ilmheán | 5,438 | 4,654 | 5,785 |
| A.5 | Sochaí faisnéise | 5,664 | 3,664 | 3,374 |
| A.6 | Caipiteal eile (teagmhas caipitil san áireamh) | 500 | — | — |
| | | **34,745** | **19,050** | **27,762** |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí caiteachas Chláir A €15.695 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| | €000 | |
| Riarachán – neamhphá | 559 | Coigilteas mar gheall ar iarrachtaí leantacha caiteachas oibríochta a laghdú. |
| Cláir teicneolaíocht fhaisnéise agus chumarsáide | 11,358 | Bhí leibhéal an chaiteachais i bhfad níos lú ná a measadh toisc an tréimhse shínithe a bhain leis an bpróiseas soláthair faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda. |
| Forbairtí ilmheán | 784 | D´eascair coigilteas ós rud é nach raibh feidhm leis an maoiniú caipitil a bhí curtha in áirithe d´athchóiriú foirgnimh ar leis an nGníomhaireacht Fhorbartha don Mhol Digiteach é agus de bharr athraithe freisin ar mhinicíocht agus tréimhse mhaoiniú an Lárionaid Náisiúnta Taighde Dhigitigh i 2016. |
| Sochaí faisnéise | 2,000 | Caiteachas níos lú (€1.1 milliún) ná mar a bhíothas ag súil leis toisc go bhfuil Scéim na nDearbhán Trádála Ar Líne bunaithe ar éilimh agus léiríonn leibhéil an chaiteachais an t-aga moille idir bronnadh na ndearbhán ar chuideachtaí rathúla, agus bunú láithreacht fhónta trádála ar líne sular úsáideadh an dearbhán.<br><br>Tharla tearc-chaitheamh de €0.9 milliún freisin toisc moill ar athlonnú an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. |
| Caipiteal eile | 500 | Bhí coigilteas ann mar nach raibh an ciste teagmhais caipitil ag teastáil. |

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | | Caiteachas | | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **B** | **Craoltóireacht** | | | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | | 959 | 855 | | 854 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 639 | 440 | | 495 |
| B.3 | Deontas do Raidió Teilifís Éireann do tháillí ceadúnais craolacháin | | 185,724 | 179,285 | | 178,499 |
| B.4 | Íocaíocht leis An Post chun táillí ceadúnais craolacháin a bhailiú | | 12,457 | 11,494 | | 11,609 |
| B.5 | Deontas i leith Theilifís na Gaeilge | | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 33,460 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,400 | 34,860 | 35,360 | | 33,160 |
| B.6 | Ciste Craolacháin | | 14,704 | 13,657 | | 14,665 |
| | | | **249,343** | **241,091** | | **239,282** |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí caiteachas Chláir B €8.252 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh** | **Míniú** |
|---|---|---|
| | **€000** | |
| Riarachán – neamhphá | 199 | Coigilteas mar gheall ar iarrachtaí leanúnacha costais oibriúcháin a laghdú. |
| Deontas do Radio Teilifís Eireann | 6,439 | Tá na híocaíochtaí deontais le RTÉ neodrach ó thaobh an vóta de agus tá siad bunaithe ar ioncam ó dhíol ceadúnais teilifíse a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Íocaíocht leis An Post do bhailiú an táille cheadúnais chraolta | 963 | Tá na híocaíochtaí seo neodrach ó thaobh an vóta de agus tá siad bunaithe ar ioncam ó dhíol ceadúnas teilifíse a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Ciste Craolacháin | 1,047 | Tá na híocaíochtaí seo neodrach ó thaobh an vóta de agus tá siad bunaithe ar ioncam ó dhíol ceadúnas teilifíse a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Fuinneamh** | | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | | 4,425 | 3,942 | 3,937 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,261 | 1,544 | 1,752 |
| C.3 | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta | | 7,351 | 7,165 | 6,771 |
| C.4 | Cláir fuinnimh inbhuanaithe | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 65,337 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,850 | 69,187 | 66,262 | 56,004 |
| C.5 | Cláir um thaighde ar fhuinneamh | | 10,561 | 6,321 | 7,184 |
| C.6 | Seirbhísí gáis | | 32 | 23 | 32 |
| C.7 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 290 | 254 | 171 |
| | | | **94,107** | **85,511** | **75,851** |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí caiteachas Chláir C €8.596 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| | €000 | |
| Riarachán – neamhphá | 717 | Coigilteas mar gheall ar iarrachtaí leanúnacha costais oibriúcháin a laghdú. |
| Cláir fhuinnimh inbhuanaithe | 2,925 | Coigilteas i dtaca le tearc-chaitheamh ar na scéimeanna éileamhbhunaithe seo a leanas: Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo; Pobail le Fhuinnimh Níos Fearr; agus Feithiclí Leictreacha. |
| Cláir um thaighde ar fhuinneamh | 4,240 | Coigilteas ós rud é nár tionscnaíodh an Clár Dreasachta Teasa Athnuachana i 2016 mar gheall ar mhoill maidir le tabhairt chun críche tuarascála mionsonraithe sainchomhairleoireachta (€117,000) agus mar gheall ar roinnt tionscadal taighde agus forbartha a críochnaíodh faoi bhun leibhéal an bhuiséid a socraíodh dóibh. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Acmhainní Nádúrtha** | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | 6,262 | 5,578 | 5,572 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | 3,341 | 2,414 | 2,631 |
| D.3 | Seirbhísí peitriliam | 441 | 191 | 4,509 |
| D.4 | Seirbhísí mianadóireachta | 3,585 | 1,560 | 917 |
| D.5 | Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 9,584 | 9,817 | 8,554 |
| D.6 | Síntiúis d´eagraíochtaí idirnáisiúnta | 135 | 120 | 132 |
| | *Suirbhéireacht Ordanáis Éireann* * | — | — | 7,000 |
| | | **23,348** | **19,680** | **29,315** |

*Aistríodh freagracht do Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag 1 Eanáir 2016.

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí caiteachas Chláir D €3.668 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh** | **Míniú** |
|---|---|---|
| | **€000** | |
| Riarachán – neamhphá | 927 | Coigilteas mar gheall ar iarrachtaí leanúnacha costais oibriúcháin a laghdú. |
| Seirbhísí peitriliam | 250 | Bhí ranníocaíochtaí leis an nGrúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis toisc an t-am ar cuireadh sonraisc chuig na gcuideachtaí. |
| Seirbhísí mianadóireachta | 2,025 | Coigilteas toisc (1) ráta astarraingthe na comhlachtaí mianadóireachta a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, agus moill ó thaobh cúrsaí dlí de chun éilimh neamhréitithe a shocrú; (2) moill ar phróiseas ordaithe ceannaigh éigeantaigh a chur i gcrích mar chuid de Thionscadal Athshlánaithe Bhéal Átha Gabhann. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **E** | **Iascaigh Intíre** | | | |
| E.1 | Riarachán – pá | 869 | 774 | 773 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 442 | 296 | 343 |
| E.3 | Iascaigh intíre | 27,053 | 29,322 | 26,636 |
| | | **28,364** | **30,392** | **27,752** |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí caiteachas Chláir E €2.028 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh** | **Míniú** |
|---|---|---|
| | **€000** | |
| Riarachán – neamhphá | 146 | Coigilteas mar gheall ar iarrachtaí leanúnacha costais oibriúcháin a laghdú. |
| Iascaigh intíre | (2,269) | Bhain caiteachas breise le maoiniú bád, leantóirí, trealaimh allamuigh nua, agus oiriúnú stórais náisiúnta nua d'Iascach Intíre Éireann. |

| | | | | 2016 | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | | | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| **F** | **Comhshaol agus Bainistíocht Dramhaíola** | | | | | |
| F.1 | Riarachán – pá | | 3,843 | | 3,629 | 5,481 |
| F.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,183 | | 1,315 | 1,671 |
| F.3 | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | | | | | |
| | Soláthar na bliana reatha | 20,534 | | | | |
| | Géilleadh iarchurtha | 4,398 | 24,932 | | 24,932 | 18,646 |
| F.4 | Ciste Carbóin | | 470 | | 423 | — |
| F.5 | Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta | | 2,000 | | 2,000 | — |
| F.6 | Leasúchán líonta talún | | | | | |
| | Soláthar na bliana reatha | 8,500 | | | | |
| | Géilleadh iarchurtha | 4,680 | 13,180 | | 7,816 | 4,506 |
| F.7 | Taighde teicniúil agus samhaltú | | 1,250 | | 335 | — |
| F.8 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 3,000 | | 2,721 | — |
| F.9 | Seirbhísí eile | | 47 | | — | 11 |
| | | | **50,905** | | **43,171** | **30,315** |

Bhí iarmhéideanna 2015 san áireamh i Vóta 34 An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus mar sin de níl taifead díobh i gCuntais Leithreasa an Vóta seo do 2015. Táispeántar iarmhéideanna 2015 anseo le haghaidh chuspóirí comparáideacha.

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí caiteachas Chláir F €7.734 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | 868 | Coigilteas mar gheall ar iarrachtaí leanúnacha costais oibriúcháin a laghdú. |
| Leasúchán líonta talún | 5,364 | Go minic bionn gá le iliomad toilithe reachtúla ó na tionscadail seo sula dtosaíonn siad agus d'fhéadfaidís freisin a bheith páirteach i gcásanna casta dlí. I 2016, cuireadh moill ar thrí thionscadal ar na cúiseanna seo. |
| Taighde teicniúil agus samhaltú | 915 | Coigilteas ós rud é gur bhain dhá thionscadal taighde níos lú dul chun cinn amach ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 279 | Coigilteas mar gheall ar luaineacht airgeadra agus níos lú iarratas ar mhaoiniú ná mar a bhíothas ag súil leis. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais ó fhíneálacha de bharr coireanna iascaireachta | 50 | 19 | 25 |
| 2. | Fáltais faoin Acht Forbartha Mianraí, 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile, 1960 | 8,795 | 8,056 | 14,787 |
| 3. | An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 437 | 192 | 297 |
| 4. | Táillí ceadúnais craolacháin | 222,130 | 213,681 | 214,018 |
| 5. | Ioncam Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 300 | 185 | 595 |
| 6. | Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist | 223 | 204 | 350 |
| 7. | Ilghnéitheach | 1,280 | 1,879 | 1,732 |
| 8 | Ranníocaíocht phinsin ó Gníomhaireachtaí | 694 | 641 | 1,102 |
| 9. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 4,089 | 3,678 | 3,746 |
| | **Iomlán** | **237,998** | **228,535** | **236,652** |

| **Ilghnéitheach** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costais a fuarthas ar ais ó chomhlachtaí eile | 827 | 79 |
| Próiseas fíoraithe na Coiribe | 139 | 744 |
| Ríchíosanna maidir le Líonraí Achar Cathrach | 876 | 864 |
| Eile | 37 | 45 |
| **Iomlán** | **1,879** | **1,732** |

**Athraithe suntasacha**

Tá míniú thíos i gcás gach ceannteidil nuair ba mhó ná €100,000 agus 5% an difríocht idir an méid a measadh agus an toradh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais faoin Acht Forbairte Mianraí, 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960 | 739 | Ioncam níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis toisc laghdú ar dhíolacháin sonraí i ndiaidh Babhta Ceadúnúcháin an Atlantaigh a dhúnadh i Meán Fómhair 2015. |
| Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Pheitriliam | 245 | Ioncam níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis toisc an t-am ar cuireadh sonraisc chuig cuideachtaí a bhí páirteach i gceadúnas taiscéalaíochta teorann. |
| Táillí ceadúnais chraolta | 8,449 | Tá na fáltais bunaithe ar ioncam ó dhíolachán ceadúnas teilifíse a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann | 115 | Fáltais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ó na tuarascálacha Cosanta Screamhuisce do Scéimeanna Uisce Grúpaí agus táillí ballraíochta braisle ghnó. |
| Ilghnéitheach | (599) | Fáltais níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall go príomha ar aisíocaíocht airgid deontais ó ÚFIÉ (€259,000) agus ó Ghníomhaireacht na Lochanna (€218,000). |
| Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 411 | Fáltais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr coigilteas párolla agus laghdú ar rátaí asbhainte a bhaineann le pinsin sa bhuiséad. |

**4.2 Fáltais sa bhreis iníoctha leis an Státchiste**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | 8 |
| Aisíocaíochtaí ó Ghníomhaireacht na Lochanna | 100 | — |
| Fáltais ón scéim thrádála astaíochtaí | 38,966 | — |
| Aistrithe go dtí an Státchiste | (38,966) | (8) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **100** | — |

€40,128,355 luach ollchion na hÉireann de na fáltais a eascraíonn as ceantáil liúntas i Scéim Trádála Astaíochtaí (STA) an AE i 2016, as a mbaintear suim ar luach €1,162,355 do speansais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh costais riaracháin STA an AE in Éirinn. Aistríodh an fhreagracht don scéim seo don Roinn i 2016.

## 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | | |
| Roinn | 320 | 250 |
| Gníomhaireachtaí | 1,022 | 859 |
| | 1,342 | 1,109 |

**Nóta:** Tá foireann ó roinnt gníomhaireachtaí neamhthráchtála nach bhfaigheann maoiniú díreach ón státchiste san áireamh sa líon foirne a bhí fostaithe ag deireadh 2016.

| Luach saothair gach comhalta foirne (Roinn agus gníomhaireachtaí) | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 57,540 | 33,774 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 367 | 263 |
| Liúntais eile | 1,387 | 1,309 |
| Ragobair | 29 | 90 |
| ÁSPC an Fhostóra | 5,001 | 2,832 |
| **Pá iomlán** | **64,324** | **38,268** |

Tagraíonn na socruithe íocaíochta do ghné an phá d'fhotheidil A.1, A.4, B.1, C.1, C.3, D.1, E.1, E.3, F.1 agus F.3. Tá airgead neamh-vótáilte san áireamh sna figiúrí.

Tá 53 ball foirne a aistríodh ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil i 2016 chomh maith le foireann na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil atá anois faoi choimirce na Roinne seo san áireamh i líon foirne agus i bhfigiúirí iomlána pá 2016.

Níor athdhearbhaíodh na figiúirí do 2015 ar bhonn comparáideach.

### 5.1 Roinn

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 17,439 | 14,167 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 146 | 82 |
| Liúntais eile | 54 | 50 |
| Ragobair | 15 | 24 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,153 | 837 |
| **Pá iomlán** | **18,807** | **15,160** |

Tá costais fhoirne a bhaineann le 53 baill foirne a aistríodh ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le linn na bliana san áireamh sna costais iomlána phá.

Níor athdhearbhaíodh na figiúirí do 2015 ar bhonn comparáideach.

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht is mó le duine amháin 2016 € | Íocaíocht is mó le duine amháin 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 8 | 2 | 20,613 | 21,406 |
| Liúntais eile | 28 | — | 7,732 | 7,357 |
| Ragobair | 6 | — | 7,302 | 7,435 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | 1 | 11,850 | 11,304 |

**5.2 Gníomhaireachtaí**

| | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 40,154 | 19,607 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 233 | 181 |
| Liúntais eile | 1,268 | 1,259 |
| Ragobair | 14 | 66 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,848 | 1,995 |
| **Pá iomlán *** | **45,517** | **23,108** |

***Tá costais fhoirne ar luach €21.739 milliún a bhaineann le 371 ball foirne ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil san áireamh sna costais iomlána phá do 2016.

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Faighteóirí a fuair | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht is mó le duine amháin 2016 € | Íocaíocht is mó le duine amháin 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 52 | 1 | 10,971 | 7,118 |
| Liúntais eile | 292 | — | 8,000 | 8,351 |
| Ragobair | 9 | — | 3,000 | 12,000 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 36 | — | 9,373 | 12,000 |

Is iad Iascach Intíre Éireann, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus Gníomhaireacht na Lochanna na gníomhaireachtaí atá san áireamh thuas.

Tá suimeanna airgid neamh-vótáilte san áireamh sna figiúirí i Nóta 5 agus i Nóta 5.2 agus rinneadh amhlaidh d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Ciorclán 17/2013).

**5.3 Socruithe eile maidir le luach saothair**

Athfhostaíodh cúigear oibrithe earnála poiblí a raibh pinsin earnála poiblí á bhfáil acu ar bhonn conartha ar chostas iomlán €83,362.

**5.4 Ró-íocaíochtaí párolla**

Bhí ró-íocaíochtaí de €101,306 (28 cás) (2015: €22,966, 11 cás) ag deireadh na bliana. As sin, tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm le haghaidh €80,866 (14 chás).

**5.5 Scaoilíocaíochtaí**

Íocadh scaoilíocaíochtaí ar luach iomlán €68,479 do chúigear iarcheapaithe de chuid an Aire.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh a thaispeántar faoi Fhotheidil A.3, C.4, D.5 agus E.3 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ón Aontas Eorpach. Bhí na meastacháin ar chaiteachas agus an fíorchaiteachas mar seo a leanas:

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Meastachán | Caiteachas | Caiteachas |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| A.3 | Clár teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | | 16,750 | 5,392 | 13,130 |
| C.4 | Cláir fuinnimh inbhuanaithe | | | | |
| | Soláthar na bliana reatha | 65,337 | | | |
| | Géilleadh iarchurtha | 3,850 | 69,187 | 66,262 | 56,004 |
| D.5 | Seirbhísí Shuirbhéireachta Gheolaíochta na hÉireann | | 9,584 | 9,817 | 8,554 |
| E.3 | Iascaigh intíre | | 27,053 | 29,322 | 26,636 |
| | | | 122,574 | 110,793 | 104,324 |

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

Íocadh €23,246 maidir le costais éagsúla a tharla de bharr an Roinn a bheith páirteach i mBinse Fiosraithe Moriarty. Is é €2.094 milliún iomlán na n-íocaíochtaí atá déanta go dtí seo.

### 6.3 Cúiteamh agus costais dlí

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí íoctha ag an Roinn | Costais dlí bronnta | Cúiteamh bronnta | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ón bpobal** | 3 | — | 9 | 134 | 143 | 15 |

Ní raibh aon éilimh ann ó fhostaithe na Roinne i 2016.

### 6.4 Tabhairt ar aghaidh go dtí 2017

Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, tugadh €12.128 milliún den leithdháileadh airgid nár caitheadh i leith na ngnéithe caipitil d'Fho-chinnteidil A.3, A.4, A.5, A.7 agus C.4 ar aghaidh go 2017.

# 7. Cuntais Ilghnéitheacha

### 7.1 Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 7,541 | 5,205 |
| Fáltais | 356 | 4,357 |
| Íocaíochtaí | (1,539) | (2,021) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 6,358 | 7,541 |

Bunaíodh an Clár Bonneagair Peitriliam (CBP) i 1997 agus maoinítear é ag cuideachtaí ola a bhfuil ceadúnas le haghaidh taiscéalaíocht amach ón gcósta acu a d'eisigh an Rannóg Gnóthaí Peitriliam. Tá sé mar aidhm aige taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí forbartha hidreacarbóin a chur chun cinn trí struchtúir tacaíochta áitiúla a láidriú, maoiniú ar bhailiú sonraí taighde agus taighde 'bunaithe ar an talamh' i limistéir amach ó chósta na hÉireann agus soláthraíonn sé fóram comhoibrithe idir lucht taiscéalaíochta agus taighdeoirí. Taifeadtar fáltais maidir leis an gCiste CBP mar leithreasaí-i-gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán Fho-cheannteideal D.3.

Déanann Rannóg Gnóthaí Peitriliam na Roinne riaracháin ar an gCiste.

### 7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 31,810 | 33,903 |
| Fáltais | — | — |
| Infheistíochtaí | — | (2,093) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 31,810 | 31,810 |

Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh i 2014 faoi fhorálacha na Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014 (I.R. 131 de 2014). Is iad na cuspóirí a bhaineann leis an gCiste ná (1) tacú le seachadadh cláir feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus beartanna eile éifeachtúlachta fuinnimh, agus (2) forbairt margaidh do bheartanna feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn. Chuir an Rialtas €35 milliún ar fáil ó Chiste an Ioncaim ón Tobhach Carbóin don Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh agus tá sé meáite ar an méid sin a infheistiú i gCiste Infheisteora Cháilithigh arna údarú agus arna rialú ag Banc Ceannais na hÉireann. Tá maoiniú ann ón earnáil phríobháideach arb ionann é agus maoiniú an Stáit. Tá ionadaíocht ag an Aire, mar aon le hinfheisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann gach scairshealbhóir tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha ar fheidhmíocht an Chiste Infheisteora Cháilithigh.

Is é €3.19 milliún costas iomlán na hinfheistíochta go deireadh 2016.

Ag 31 Márta 2016, b'fhiú €5,129,725 na glansócmhainní inchurtha do shealbhóirí scaireanna infhuascailte. Ag an bpointe sin, ba leis an tAire 45.7% den scairsheilbh iomlán sa chiste.